



General Certificate of Secondary Education  
2019

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--	--

## Teicneolaíocht Dhigiteach

Aonad 1: (Croí-ábhar Éigeantach)

Teicneolaíocht Dhigiteach



[GDG11]

\*GDG11\*

**DÉ LUAIN 13 BEALTAINÉ, MAIDIN**

**AM**

1 uair an chloig.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**

**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach nó ar leathanaigh bhána.**

Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**

Freagair **gach ceann** de na **naoi** gceist.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 90 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na lámhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna **7** agus **9**.

12270.02



\*28GDG1101\*

**1 I gCeist 1 cuir an litir chuí sa spás chuige sin.**

**(a)** Stóráilann córas ríomhaire sonraí:

- A** I bhformáid analógach
- B** I bhformáid dhigiteach
- C** I bhformáid faisnéise
- D** I bhformáid dhúbailte

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

**(b)** Seasann ASGS (*MPEG*) do:

- A** An Sainghráf Sóisialta
- B** An Sainghrúpa Scannánaíochta
- C** An Sainghrúpa Sóisialta
- D** An Sainghráf Scannánaíochta

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

**(c)** Roghnaigh an liosta nach bhfuil ach formáidí comhad íomhánna ann:

- A** PNG, GIF, MIDI, PDF
- B** TIFF, PNG, GIF, JPEG
- C** GIF, PNG, PDF, CSV
- D** JPEG, TIFF, PNG, PDF

Freagra \_\_\_\_\_ [1]



**(d)** Roghnaigh ainm ceart na reachtaíochta a chosnaíonn cearta custaiméirí agus iad ag siopadóireacht ar líne.

- A** Customer Card Regulations
- B** Consumer Card Regulations
- C** Customer Contracts Regulations
- D** Consumer Contracts Regulations

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

**(e)** Roghnaigh an ráiteas atá ceart faoin Acht um Chosaint Sonraí.

- A** Cosnaíonn an tAcht um Chosaint Sonraí cearta daoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí á stóráil agus thig lena gcuid sonraí a bheith roinnte le heagraíocht ar bith a iarrann iad.
- B** Cosnaíonn an tAcht um Chosaint Sonraí cearta eagraíochtaí a stóráilann sonraí sa dóigh go dtig leo úsáid iomlán a bhaint as na sonraí.
- C** Cosnaíonn an tAcht um Chosaint Sonraí cearta eagraíochtaí a stóráilann sonraí agus cuireann sé cosc orthu sonraí a roinnt le heagraíochtaí eile a iarrann iad.
- D** Cosnaíonn an tAcht um Chosaint Sonraí cearta daoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí á stóráil agus cinntíonn sé go bhfuil a gcuid sonraí cruinn agus suas chun dáta.

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**



(f) Roghnaigh an liosta nach dtugann mionsonraí cearta ach ar na modhanna amháin a chuideoidh le tuirse súl in úsáideoirí ríomhairí a laghdú.

- A Scáileáin frithdhallta, sosanna rialta, luchá agus méarchláir eirgeanamaíochta
- B Luchá agus méarchláir eirgeanamaíochta, tástálacha rialta súl saor in aisce, scáileáin le gile agus codarsnacht inathraithe
- C Soilsiú cuí, scáileáin sclóine, tástálacha rialta súl saor in aisce
- D Soilsiú cuí, scáileáin frithdhallta, scáileáin le gile agus codarsnacht inathraithe

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

(g) Úsáideann cuid mhór gairis leictreonacha CSD (*GPS*) anois. Cad é dó a seasann na litreacha CSD (*GPS*)?

- A Córas Suíochán Domhanda
- B Caidreamh Simplí Dílárnaithe
- C Córas Suite Domhanda
- D Caidreamh Suite Dílárnaithe

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

(h) Roghnaigh an chiall cheart don téarma VLookup, a úsáidtear le feidhmeanna scarbhileoige.

- A Value Lookup
- B Vertical Lookup
- C Variable Lookup
- D Valid Lookup

Freagra \_\_\_\_\_ [1]



(i) Is féidir formáidiú coinníollach a úsáid i scarbhileoga. Sainaithin an ráiteas nach bhfuil fíor faoi fhoramáidiú coinníollach nuair a chuirtear i bhfeidhm é istigh i scarbhileog.

- A Is féidir é a úsáid leis an dath cille a athrú má chomhlíontar coinníoll sainithe.
- B Mura gcomhlíontar coinníoll ní tharlóidh aon rud do chuma na cille.
- C Is féidir é a úsáid le foirmle chille a athrú má chomhlíontar coinníoll.
- D Is féidir é a chur i bhfeidhm ar níos mó ná cill amháin san am.

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

(j) Roghnaigh an ráiteas a chuireann síos i gceart ar ráta giotán nuair a bhíonn fuaimeanna á léiriú.

- A Is é an ráta giotán ná an líon giotán a úsáidtear le gach sampla fuaime a stóráil.
- B Is é an ráta giotán ná an luas ar a taifeadadh an fhuaim.
- C Is é an ráta giotán ná an méid sonraí, tomhaiste i ngiotáin, atá próiseáilte i méid tugtha ama.
- D Is é an ráta giotán ná an líon samplaí closfhuaimé atá ceaptha gach soicind.

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

[Tiontaigh an leathanach



- 2 Taifeadann an tábla thíos mionsonraí na ndíolachán i siopa áitiúil do chrua-earraí ríomhairí.

SIOPA RÍOMHAIRÍ		
CÓD	CUR SÍOS	COSTAS
AZY1	Méarchlár	10.00
BCT2	Luch	4.00
	IOMLÁN	14.00
	LASCAINE	2.00
	Iomlán Díolachán	12.00

- (a) (i) Sampla ón tábla thuas in úsáid agat, mínigh an téarma sonraí.

\_\_\_\_\_ [2]

- (ii) Sampla ón tábla thuas in úsáid agat, mínigh an téarma faisnéis.

\_\_\_\_\_ [2]

Tá 8 ngiotán i mbeart.

- (b) (i) Cá mhéad giotán atá i leathbheart?

\_\_\_\_\_ [1]

- (ii) Cá mhéad cilibheart is féidir a stóráil i meigibheart?

\_\_\_\_\_ [1]





**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

12270.02



\*28GDG1107\*

3 Baineann Seán úsáid as bunachar sonraí le cíosa DVD (DVD) a thaifeadh.

(a) Na téarmaí atá curtha ar fáil in úsáid agat, comhlánaigh an tábla thíos.

**TÁBLA RÉIMSE TAIFEAD EOCHAIR-RÉIMSE**

Sainmhíniú	Téarma
Struchtúr mar a n-eagraítear sonraí i sraitheanna agus colúin.	[1]
Bailiúchán míreanna sonraí a bhaineann le réad nó duine.	[1]
Deartha le mír shingil sonraí faoi réad nó duine a choinneáil.	[1]
Sainaitníonn sé taifead go huathúil.	[1]

Anseo thíos taispeántar roinnt réimsí ón tábla BAILL.

CABAILL ▼	TEIDEAL ▼	CÉADAINM ▼	SLOINNE ▼	DÁTABREITHE ▼	THAROCHTDÉAG ▼	TÁILLE ▼
BEA01	INÍON	JULIE	BEATTIE	20/01/2003	<input type="checkbox"/>	£10.00
BLA01	UAS	RICHARD	BLACK	01/05/1990	<input checked="" type="checkbox"/>	£10.00
HUG01	UAS	JOE	HUGHES	23/03/1967	<input checked="" type="checkbox"/>	£10.00
PAT01	INÍON	LIZ	PATRICK	17/06/2014	<input type="checkbox"/>	£10.00
WAL01	UAS	PAT	WALSH	25/08/1978	<input checked="" type="checkbox"/>	£10.00
WHI01	UAS	WILLIAM	WHITE	26/02/1983	<input checked="" type="checkbox"/>	£10.00
WIL01	BN	JANE	WILSON	14/10/1991	<input checked="" type="checkbox"/>	£10.00



(b) Cuir isteach an cineál sonraí cuí do na réimsí atá liostaithe leis an tábla a chomhlánú.

Ainm Réimse	Cineál Sonraí
CABAILL	Teaghrán
TEIDEAL	[1]
DÁTABREITHE	[1]
THAROCHTDÉAG	[1]
TÁILLE	[1]

(c) (i) Luaigh fáth **amháin** ar teaghrán é an cineál sonraí do CABAILL.

---

---

[1]

(ii) Cad é mar atá an luach do THAROCHTDÉAG socraithe sa tábla BAILL?

---

---

[1]

[Tiontaigh an leathanach



Tá cóip den tábla IASACHT ar taispeánt thíos.

CAIASACHTA ▼	CABAILL ▼	CAFDD ▼	DÁTAFÁIGHTE ▼	FÁGTHAARAS ▼
LOA11	BEA01	WIC01	03/05/2018	<input checked="" type="checkbox"/>
LOA12	HUG01	JAW01	09/05/2018	<input type="checkbox"/>
LOA13	HUG01	MAI02	08/05/2018	<input checked="" type="checkbox"/>
LOA14	BEA01	MAI03	07/05/2018	<input checked="" type="checkbox"/>
LOA15	BEA01	JAW02	05/05/2018	<input checked="" type="checkbox"/>
LOA16	BEA01	WIC01	09/05/2018	<input type="checkbox"/>
LOA17	WIL01	MAI04	08/05/2018	<input type="checkbox"/>
LOA18	PAT01	JAW03	09/05/2018	<input type="checkbox"/>
LOA19	WHI01	WIC01	07/05/2018	<input type="checkbox"/>
LOA20	BLA01	MAI05	07/05/2018	<input checked="" type="checkbox"/>

- (d) (i) Scríobh na critéir d'iarratas a tháirgfeadh liosta de na FDDanna (DVDs) nár fágadh ar ais.

\_\_\_\_\_ [2]

- (ii) Sainaithin an ghné de bhunachar sonraí a léireodh toradh an iarratais i modh proifisiúnta.


\_\_\_\_\_ [1]



(e) Sainaithin an ghné de bhunachar sonraí a liostódh na FDDanna (DVDs) in ord na ndátaí a bhfuarthas ar iasacht iad.

[1]

Taispeánann an léaráid thíos na gaolmhaireachtaí idir na trí thábla seo a leanas: BAILL, IASACHT agus FDD (DVD) sa chóras iasachta.



(f) Cad é an cineál gaolmhaireachta atá ann idir na táblaí BAILL agus IASACHT?

[1]

[Tiontaigh an leathanach



- 4 (a) Tá Siobhán ag déanamh eagarthóireachta ar a cuid íomhánna saoire. Anseo thíos tá na sonraí a bhaineann le ceann amháin dá grianghraif dhigiteacha.

Cineál míre: Comhad JPG  
Dáta tógtha 20/04/2019 22:34  
Rátáil: Gan rátáil  
Toisí 1397 x 1397  
Taifeach cothrománach 300 pso (*dpi*)  
Méid: 323KB

- (i) Sa tábla thíos ticeáil (✓) na ráitis atá fíor faoi íomhá Shiobháin.

Ráiteas	Ticeáil (✓)
Is formáid chomhad comhbhrúite í an íomhá.	
Ní formáid chomhad comhbhrúite í an íomhá.	
Is grafaic veicteoirbhunaithe í an íomhá.	
Is grafaic ghotánmhapach í an íomhá.	
Úsáideann an íomhá comhbhrú cailteach.	
Úsáideann an íomhá comhbhrú neamhchailteach.	

[3]

- (ii) Agus tagairt á déanamh agat do ghrafaic, mínigh an téarma taifeach.

---

---

[2]

- (iii) Is é 300 pso (*dpi*) an taifeach cothrománach. Cad é dó a seasanna na litreacha pso (*dpi*)?

---

[1]



Thig le ríomhairí íomhánna gluaiasteacha a phróiseáil.

- (b) Cuir ceann amháin de na téarmaí seo a leanas in aice leis an tsainmhíniú cheart leis an tábla thíos a chomhlánú.

**MAOLÁN**

**SRUTHÚ**

Sainmhíniú	Téarma
Cuireann sé ar chumas úsáideora an físeán a bhreathnú agus é ag íoslódáil.	[1]
Cuid de chuimhne a úsáidtear le físeán íoslódáilte a stóráil sula mbreathnaítear é.	[1]

Tacaíonn ríomhairí fosta le próiseáil comhaid fuaime.

- (c) Agus **dhá** cheann de na focail atá curtha ar fáil in úsáid agat, comhlánaigh na habairtí seo a leanas.



Cuireann \_\_\_\_\_ [1] ar chumas ríomhaire fuaimthionnta a thaifeadadh.

Déantar fuaimeanna a thaifeadadh i bhformáid \_\_\_\_\_ [1].

[Tiontaigh an leathanach



5 (a) Is cuid den tsonraíocht do ríomhchóras Sheáin é an méid seo a leanas.

- Windows 10 (64-giotán)
- Intel® Core™ Próiseálaí i7-8700
- 3.2 GHz / 4.6 GHz (Turbaiphreabhadh)
- Taisc 12 MB
- 16 GB DDR4 (2400 MHz)
- 2 TB HDD, 7200 isn (*rpm*)
- 256 GB SSD

(i) Cá mhéad CRR (*RAM*) atá ag an ríomhaire?

\_\_\_\_\_ [1]

(ii) Cad é an fheidhm le CIA (*ROM*) i ríomhchóras?

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [2]

(iii) Luaigh buntáiste **amháin** ag ríomhaire Sheáin as Tiomántán Soladstaide a bheith aige.

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [1]

Cuimsíonn an córas oibriúcháin ar ríomhaire Sheáin feidhmchlár áirge.

(b) Cad é feidhm an dá thasc seo a leanas atá á ndéanamh ag bogearraí áirge?

1. Díbhloghadh diosca


\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

2. Sceidealú tascanna

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [4]



(c) Déanann Seán cur síos ar an Láraonad Próiseála (LAP) (CPU) mar inchinn an ríomhaire.




(i) Cad é dó a seasann na litreacha ALU?

\_\_\_\_\_ [1]

(ii) Cad é ról an Aonaid Rialúcháin san LAP (CPU)?

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [2]

(d) Meaitseáil na téarmaí atá curtha ar fáil leis na ráitis chearta faoin LAP (CPU) agus an ciogal gabh, rith.



Téarma	Ráiteas
[1]	Léiríonn sé an luas a dtig leis an LAP (CPU) oibriú agus é tomhaiste ina ghigiheirtseanna.
[1]	Stóráilann sé an tagairt suímh sa chuimhne (seoladh) den chéad treoir eile atá le gabháil.
[1]	Stóráilann sé sonraí go sealadach atá á n-aistriú go dtí cuimhne agus ó chuimhne.

[Tiontaigh an leathanach



6 (a) Baineann fostóir Mhaitiú úsáid as LAL (*LAN*) le stáisiún oibre an chomhlachta a nascadh le chéile.

(i) Cad é is LAL (*LAN*) ann?

---

---

[2]

(ii) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le ríomhairí a nascadh le chéile ar líonra.

Buntáiste 1

---

---

Buntáiste 2

---

---

[2]

(iii) Ciorclaigh an focal ceart a mheaitseálann an sainmhíniú thíos.

**Idirlíon**

**Inlíon**


**Sainmhíniú**

Líonra príobháideach faoi úinéireacht agus bainistíocht eagraíochta nach bhfuil rochtain ach ag fostaithe air.

[1]



(b) Anseo thíos tá léaráid den toipeolaíocht líonra atá in úsáid ag eagraíocht.



(i) Luaigh ainm na toipeolaíochta líonra seo.

\_\_\_\_\_ [1]

(ii) Sainaithin míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an chineál toipeolaíochta seo.

\_\_\_\_\_ [1]

Tá críochtóirí ag gach foirceann den chábala cnámh droma.

(iii) Luaigh an fheidhm le críochtóir a úsáidtear sa chineál seo líonra.

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [1]

[Tiontaigh an leathanach




(c) Ciorclaigh an ráiteas thíos atá fíor faoi líonra fáinneach.

- Tá ríomhairí nasctha le cábla amháin.
- Téann na sonraí uile ó stáisiún oibre amháin go stáisiún oibre eile.
- Má chliseann ar chábla, ní rachaidh sé i bhfeidhm ach ar stáisiún oibre amháin

[1]

(d) Anseo thíos tá léaráid de líonra réaltach.

- (i) Lipéadaigh na compháirteanna go cuí sa léaráid thíos. Tá uimhir a haon déanta cheana féin.



1	STÁISIÚN OIBRE	
2		[1]
3		[1]
4		[1]





(ii) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le líonra réaltach.

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_ [2]

(iii) Luaigh míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le líonra réaltach.

\_\_\_\_\_ [1]

[Tiontaigh an leathanach

12270.02



\*28GDG1119\*



- 8 D'fhorbair CRIOSPÓIRT scarbhileog leis an cháin iníoctha ar na gníomhaíochtaí a thairgeann siad gach seachtain a ríomh.

	A	B	C	D	E	F
1	CRIOSPÓIRT				RÁTA CÁNACH	15%
2		IONCAM Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ				
3	GNÍOMHAÍOCHT	Costas An Seisiún	Seisiúin gach lá	Seisiúin sheachtainiúla iomlána	Ioncam Seachtainiúil	Cáin Iníoctha
4	Giomnáisiam	£2.50	35	245	£612.50	£91.88
5	Cúirt Scuaise	£2.05	10	70	£143.50	£21.53
6	Tábla Snúcair	£3.50	15	105	£367.50	£55.13
7	Tábla Púil	£2.00	7	49	£98.00	£14.70
8	Seisiúin Spineála	£3.00	12	84	£252.00	£37.80
9					£1,473.50	£221.03

- (a) Luaigh an formáidiú atá in úsáid ar chealla B2 go F2.

\_\_\_\_\_ [1]

- (b) Cuir tic (✓) in aice leis an fhoirmle cheart i gcill E4.

Foirmle	Tic (✓)
= C4*D4	
= B4*D4	
= A4*D4	

[1]

Tá an fhoirmle seo a leanas ag cill F4 a bhfuil dearbhtagairt cille inti.

$$E4 * F\$1$$


- (c) Cad é an fheidhm atá le dearbhtagairt cille?

\_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_ [2]

[Tiontaigh an leathanach




(d) Sainaitin **dhá** raon cille ar baineadh úsáid astu leis an ghraf seo a leanas a tháirgeadh.



1. \_\_\_\_\_
2. \_\_\_\_\_ [2]



(e) (i) Cad é an cineál graif atá ar taispeáint thíos?



■ Giomnásiam    □ Cúirt Scuaise    □ Tábla Snúcair    □ Tábla Púil    ■ Seisiún Spineála

\_\_\_\_\_ [1]

(ii) Cad é an fhaisnéis atá curtha ar fáil ag an ghráf atá ar taispeáint in e(i)?

\_\_\_\_\_ [1]

(f) Baintear úsáid as samhaltú sonraí le ceistanna 'dá mba rud é' a fhreagairt. Cad é mar a thiocfadh le CRIOSPOIRT cill F1 a úsáid le húsáid a bhaint as an fheidhm seo?

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [2]

[Tiontaigh an leathanach







---

# SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---

12270.02



\*28GDG1125\*

**LEATHANACH BÁN**  
**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

12270.02



\*28GDG1126\*





# LEATHANACH BÁN

## NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

12270.02



\*28GDG1127\*

# NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	

<b>Marc Iomlán</b>	
--------------------	--

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.

I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

12270.02



\*28GDG1128\*